

# Cluichí Dúradán

## An Dúradán Uaigneach

- Tosaigh leis na dúradán aghaidh in airde. Roghnaigh ceann amháin agus abair go bhfuil sé uaigneach agus go bhfuil sé ag iarraidh dul i bpáirt le dúradáin eile chun iomlán de 8 a dhéanamh. Nuair atá an dúradán cuí roghnaite ag páiste, cuir iad in aice leis an gcéad dúradán. Abair anois go bhfuil an dúradán nua nó carn dúradán ag iarraidh cairde. Roghnaigh iomlán difrúil. Lean ar aghaidh mar seo. Anois is arís, téigh siar ar na huimhreacha atá déanta ionas go bhfeicfidh na páistí go bhfuil bealaí éagsúla chun an t-iomlán céanna a dhéanamh.

## Cogadh Dúradáin

- Tá an cluiche cosúil leis an gcluiche cartaí ach go bhfuil tú ag iompú dúradán in ionad cartaí. Spreag na daltaí tomhas a dhéanamh ar acu atá an uimhir is airde. Is féidir le himreoirí dúrdán amháin a iompú nó dhá cheann a iompú agus iad a shuimiú le chéile. Is féidir dealú a dhéanamh freisin. Iompaíonn na himreoirí dúradán amháin an duine agus dealaíonn siad an ceann leis an méid is lú poncanna ón gceann leis an méid is mó.

## Céard atá in easnamh?

- Tógann páiste amháin dhá dúradán. Déanann siad suimiú ar na poncanna agus deir siad an t-iomlán leis na páistí eile. Taispeánann siad dúrdán amháin dóibh agus fiafraíonn siad faoi líon na bponcanna ar na gceann eile.

## Bailiúcháin Dúradáin

- Tosaigh leis na dúradáin aghaidh thíos. Tóg sealanna. Tógann an chéad imreoir dúradán agus déanann siad taifead ar líon na bponcanna. D'fheadfadh páistí níos sine na poncanna a chomhaireamh agus iad a chlarú ar bhileog. D;fheadfadh páis™i níos óga leas a bhaint as abacas nó teailí.